2024/1272

14.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1272 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2024

maidir le tabhairt i gcrích phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX a dhearbhú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart próiseas aistrithe agus glactha freagrachta a dhéanamh idir an t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2520 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Chuir an t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX doiciméad aistrithe coiteann faoi bhráid eu-LISA an 16 Nollaig 2022 ina sonraítear na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú chóras e-CODEX, lena n-áirítear na critéir le haghaidh próiseas aistrithe rathúil agus le haghaidh chur i gcrích rathúil an phróisis sin agus doiciméadacht ghaolmhar.

(3) Thíolaic an t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX tuarascáil aistrithe an 4 Iúil 2023 agus chuir eu-LISA tuarascáil glactha freagrachta isteach an 30 Meitheamh 2023. Léiríodh sna tuarascálacha sin staid na himeartha maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs phróiseas an aistrithe agus an ghlactha freagrachta. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, thug an Coimisiún an t-eolas is déanaí maidir leis an bpróiseas aistrithe agus glactha freagrachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i mí Iúil 2023.

(4) Níor cheart do eu-LISA córas e-CODEX a ghlacadh ar láimh go dtí go mbeidh sé dearbhaithe ag an gCoimisiún go bhfuil an próiseas aistrithe agus glactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil.

(5) I gcomhthéacs a róil maidir le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas aistrithe agus glactha freagrachta, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX agus le eu-LISA maidir le dul chun cinn an phróisis. An t-eintiteas a bhainistíonn córas e-CODEX agus eu-LISA, chuir siad iarraidh chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Nollaig 2023 chun a dhearbhú go bhfuil an próiseas aistrithe agus glactha freagrachta curtha i gcrích go rathúil. D'fhíoraigh an Coimisiún na critéir maidir le haistriú rathúil chomh maith leis na critéir maidir le glacadh freagrachta rathúil. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil eu-LISA réidh le freagracht fhoirmiúil a ghlacadh as córas e-CODEX.

([1]) IO L 150, 1.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/850/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2520 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 i ndáil leis na socruithe sonracha maidir le próiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX (IO L 326, 21.12.2022, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2520/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Dearbhaítear tabhairt i gcrích rathúil phróiseas aistrithe agus glactha freagrachta chóras e-CODEX.

2. Glacfaidh eu-LISA freagracht as córas e-CODEX an 3 Meitheamh 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN